| RABHADH<br>**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.** | Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|---|

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIDÉAR GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
# ROINN A
**(100 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH 2002 - MAIDIN, 9.30 r.n. - 12.00

**Freagair na 20 ceist ar fad. Tá 5 mharc ag dul le gach ceist. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**

---

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?

(*Scríobh* ***gach*** *freagra go hiomlán sa spás atá ar fáil dó*)

| | |
|---|---|
| **Í.M.A.T.** | |
| **U.M.B.** | |

**2.** Tá sé de cheart ag tomhaltóir a chuireann earra ar ais **dhá** cheann díobh seo a leanas a fháil. (Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca)

Aisíoc ☐

Ioncam ☐

Athsholáthar ☐

**3.** Scríobh an **dá** thoisc táirgthe atá in easnamh sna spásanna atá ann dóibh:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **TALAMH** | **SAOTHAR** | | |

**4.** Comhlánaigh an abairt seo a leanas:

Is é is ciall le **tobcheannach tallannach** ______________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**5.** Seo a leanas léimh mhéadair as bille BSL. Áirigh méid na n-aonad a úsáideadh agus an táille iomlán. Scríobh isteach do fhreagraí sna spásanna cuí.

| **Léimh Mhéadair BSL** | |
|---|---|
| Mar atá anois | 274356 |
| Mar a bhí cheana | 273487 |
| **Méid na n-aonad a úsáideadh** | |
| Ráta in aghaidh an aonaid | €0.15 |
| **Táille Iomlán** | **€** |

Oibriúcháin:

**6.** Cuir ainmneacha na gcustaiméirí seo a leanas in ord aibítre:

SEÁN Ó SÍTHIGH PEAIT Ó SÍODA RONNIE Ó SÍOCHÁIN

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |

**7.** Cé acu de na tíortha seo a leanas atá san Aontas Eorpach?

(Cuir tic (✓) sa bhosca cuí TÁ nó NÍL i ngach cás)

| | **TÁ** | **NÍL** |
|---|---|---|
| AN IORUA | | |
| AN GHEARMÁIN | | |
| AN RÚIS | | |

**8.** Is éard is margadh ann ná áit a ndéantar earraí agus seirbhísí a __________________________ agus a ___________________.

Líon isteach na focail atá in easnamh.

**9.** Comhlánaigh go hiomlán an seic seo a leanas ag baint úsáide as an eolas atá tugtha:

| | | |
|---|---|---|
| Dáta *20 Márta 2002* | **Banc na hÉireann**<br>AN tSRÁID ARD, BÉAL AN ÁTHA,<br>CO. MHAIGH EO | 37-53-29<br>Dáta |
| Íoc *Sharon Ní laoi* | **ÍOC** | **euro euro euro** |
| | | € |
| | | NÓRA NÍ SHIONNAIGH |
| *€54.50* | | |
| **500489** | **500489 375329 86775513** | |

**10.** Féach ar an seic i gCeist Uimh. 9 agus tabhair freagra orthu seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (a) Ainmnigh TARRAINGEOIR an tseic. | |
| (b) Ainmnigh ÍOCAÍ an tseic. | |

**11.** Is é is **Stíobhard Ceardlainne** ann ná

- duine a dhéanann a chuid siopadóireachta i gcónaí ina bhaile áitiúil ☐
- duine a bhíonn ina ionadaí don cheardchumann sa láthair oibre ☐
- duine a bhíonn ag faire ar ghadaithe siopa ☐

(Cuir tick (✓) sa bhosca is oiriúnaí)

**12.** I g**Colún 1** tá liosta téarmaí. I g**Colún 2** tá liosta de mhínithe a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin.

Meaitseáil an dá liosta trí litir an mhínithe chirt a chur faoin uimhir chuí thíos.
(Níl ceann amháin de na mínithe ag tagairt d'aon cheann de na téarmaí atá luaite.)

| **Colún 1** | **Colún 2** |
|---|---|
| **1.** Ollmhargadh<br>**2.** Siopa Ilrannach<br>**3.** Siopalann | **A.** Go leor siopaí éagsúla in aon fhoirgneamh amháin<br>**B.** Siopa mór féin-seirbhíse<br>**C.** Siopa a dhíolann earraí tríd an bpost amháin<br>**D.** Siopa mór atá roinnte in aonaid ar leith |

| **1** | **2** | **3** |
|---|---|---|
| | | |

**13.** Ainmnigh **trí** mhodh éagsúla fógraíochta.

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |

**14.** Cuir tic (✓) i ndiaidh gach ráitis lena thaispeáint cé acu FÍOR nó BRÉAGACH é.

| | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| (a) Is é is fostaí ann ná duine a bhfuil daoine eile ag obair dó. | | |
| (b) Is rud é airgead a úsáidtear mar ghléas malairte. | | |

**15.** Chomh fada agus a bhaineann sé le hÉirinn, is **onnmhaire shofheicthe** ceann amháin díobh seo a leanas. (Cuir tick (✓) leis an gceann sin)

| | |
|---|---|
| Mórdhíoltóir Éireannach ag ceannach caife sa Bhrasaíl | ☐ |
| Turasóir Éireannach ag dul go cluiche sacair san Iodáil | ☐ |
| Feirmeoir Éireannach ag díol mairteola leis an nGearmáin | ☐ |

**16.** Fuair Liam €2,000 ar iasacht ó bhanc. Is é an ráta úis a bhain leis an iasacht ná 9% sa bhliain. Bliain amháin ina dhiaidh sin, d'aisíoc sé an t-airgead ar fad, maraon leis an ús. Cé mhéad a bhí air a íoc go hiomlán?

| **Freagra:** |
|---|
| **€** |

| *Oibriúcháin:* |
|---|
| |

**17.** I ngach spás thíos scríobh an focal is oiriúnaí ón liosta seo a leanas:

RÓTHARRAINGT; MEASÚNÓIR; CAIPITEAL; SÓCMHAINN; RAGOBAIR.

(Ní mheaitseálann dhá cheann díobh seo d'abairt ar bith thíos)

(a) Is éard is ____________ oibre ann ná an difríocht idir sócmhainní reatha agus dliteanais reatha.

(b) Is dliteanas reatha í ___________________________.

(c) Tugtar ___________________________ ar rud luachmhar atá ag gnólacht.

**18.** Ciallaíonn **Slánaíocht**

| | |
|---|---|
| go ngearrtar rótháille ar do bhille teileafóin. | |
| go gcailleann tú d'árachas gluaisteáin mar gheall ar róluas. | |
| nach bhfuil cead agat tairbhe (leas) a bhaint as árachas. | |

(Cuir tic (✓) sa bhosca is oiriúnaí)

**19.** Tá Caitríona ag dul ar saoire go dtí SAM. Teastaíonn uaithi 900 dollar a thabhairt léi mar airgead le caitheamh. Téann sí go dtí an banc áitiúil chun euro a mhalartú ar dollar. Deirtear léi gurb é an ráta reatha malairte ná **€1 = $0.90** (aon euro = 0.90 dollar).

Áirigh an méid euro is gá di a thabhairt isteach sa bhanc chun 900 dollar a fháil.

| **Freagra:** |
|---|
| **€** |

| Oibriúcháin: |
|---|
| |

**20.** *Tabhair freagra ar (A)* ***nó*** *(B):*

**(A)** Déan an Cuntas Bainc seo a leanas a chomhardú agus tabhair anuas an t-iarmhéid ag deireadh na míosa:

| Dr | | **Cuntas Banc** | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | € | Dáta | Sonraí | F | € |
| M. Fómh 1 | Iarmhéid | t/a | 550 | M. Fómh 4 | Árachas | L7 | 175 |
| 7 | Díolacháin | L2 | 975 | 11 | Ceannacháin | L5 | 680 |
| | | | | 22 | Cíos | L9 | 275 |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

***NÓ***

**(B)** Comhlánaigh na 4 líne dheiridh sa cholún "Iarmhéid" sa Chuntas Bainc seo a leanas:

| **Cuntas Bainc** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | | € | € | € |
| M. Fómh 1 | Iarmhéid | t/a | | | 550 |
| 4 | Árachas | L7 | | 175 | |
| 7 | Díolacháin | L2 | 975 | | |
| 11 | Ceannacháin | L5 | | 680 | |
| 22 | Cíos | L9 | | 275 | |

***CUIMHNIGH AN ROINN 'A' SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR***

**Le húsáid le Roinn B - Ceist 1 BUISÉAD TEAGHLAIGH**

**1. (A)**

| **MUINTIR AILÍN** | **EAN.** | **FEABH.** | **MÁRTA** | **AIBR.** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| IONCAM PLEANÁILTE | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Micheál Ó hAilín – Tuarastal | | | | | |
| Frances Uí Ailín – Tuarastal | | | | | |
| Scairdhíbhinn | | | | | |
| **A. IONCAM IOMLÁN** | | | | | |
| CAITEACHAS PLEANÁILTE | | | | | |
| *Seasta* | | | | | |
| Morgáiste Tí | | | | | |
| Árachas Tí | | | | | |
| Árachas Sláinte | | | | | |
| Iasacht Ghluaisteáin | | | | | |
| Fo-iomlán | | | | | |
| *Neamhrialta* | | | | | |
| Costais Teaghlaigh | | | | | |
| Costais Reatha Ghluaisteáin | | | | | |
| Solas agus Teas | | | | | |
| Costais Teileafóin | | | | | |
| Fo-iomlán | | | | | |
| *Roghnach* | | | | | |
| Laethanta Saoire | | | | | |
| Siamsaíocht | | | | | |
| Fo-iomlán | | | | | |
| **B. CAITEACHAS IOMLÁN** | | | | | |
| Airgead Tirim Glan (A-B) | | | | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | | | | | |
| Airgead Tirim Deiridh | | | | | |

| | |
|---|---|
| **1 (B)** Tuarastal Míosúil Comhlán Frances Uí Ailín | € |
| **1 (C)** Costais Bhliantúla Theileafón Gluaisteach | € |

| | |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **(A)** | |
| **(B)** | |
| **(C)** | 1. |
| | 2. |
| | 3. |

| **(D)** | **ANAILÍS NÓTA/MONAÍ** | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **€50** | **€20** | **€10** | **€5** | **€2** | **€1** | **50c** | **20c** | **10c** | **5c** | **2c** | **1c** |
| €183.64 | | | | | | | | | | | | |

**(E)** Duillín pá Mháire don 15 Márta 2002:

| | Duillín Pá: **Máire de Faoite** | | Seachtain 11 | |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | |
| BUNPHÁ | | ÍMAT | | |
| RAGOBAIR | | ÁSPC | | |
| | | COIGEALTAS | | PÁ GLAN |
| PÁ COMHLÁN | | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | | |

OBAIR GHARBH:

**(A)**

# Olldíoltóirí Ceol Tta.

**Eastát Tionscalíoch Hamilton**
**Baile Átha Cliath 16**

**SONRASC Uimh. 3776**

Teileafón: 01-1657832
Feacs: 01-1657966
Ríomh-phost: ceol@comeir.net

Uimh. Chlár. CBL IE 4886114

Dáta:

D'Uimhir Ordaithe:

| CAINNÍOCHT | SONRAÍ | UIMH. STÍLE | PRAGHAS AN CEANN € | IOMLÁN € |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| | |
|---|---|
| Iomlán (Gan CBL san áireamh) | |
| Lascaine Thrádála | |
| Fo-iomlán | |
| CBL | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

Carraeireacht Íoctha
E & O E

**(B)** Tenor Tta.- Cuntas Bainc. *(Ná bain úsáid ach as ceann amháin de na cuntais bainc thíos.)*

| Dr | | **Tenor Tta. – Cuntas Bainc** | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | € | Dáta | Sonraí | F | € |
| | | | | | | | |

**NÓ**

| **Tenor Tta. – Cuntas Bainc** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | | | | |

**(C)** An Admháil.

| **Olldíoltóirí Ceol Tta.** <br> Teileafón: 01-1657832 <br> Feacs: 01-1657966 <br> Ríomh-phost: ceol @comeir.net | **Eastát Tionsclaíoch Hamilton, Baile Átha Cliath 16** <br><br> **No. 314** |
|---|---|
| **Dáta:** | |
| **Faighte Ó:** | |
| **Suim De:** | **€** |
| | |
| *Le Buíochas* | **Sínithe:** (Airgeadóir) |

| **(D)** Cúis amháin a mbaineann tábhacht le hadmháil: |
|---|
| |
| |
| |
| |

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 7

**(A)** Abairtí Ceartaithe:

| | |
|---|---|
| (a) | |
| | |
| | |
| (b) | |
| | |
| | |
| (c) | |
| | |
| | |
| (d) | |
| | |
| | |
| (e) | |
| | |
| | |

**(B)** Déan an saghas gnó a iontráil i ngach cás:

| | **Gnólacht** | **Saghas Gnó** |
|---|---|---|
| 1 | Bord na Móna | |
| 2 | Seán Ó Laighin, Búistéir | |
| 3 | Comhar Creidmheasa | |
| 4 | Ceol Wholesalers Tta. | |
| 5 | RTÉ | |

**(C)** Trí Bhuntáiste:

| | |
|---|---|
| **1** | |
| | |
| | |
| **2** | |
| | |
| | |
| **3** | |
| | |
| | |

Dhá dheacracht nó mí-bhuntáistí:

| | |
|---|---|
| **1** | |
| | |
| | |
| **2** | |
| | |
| | |

**(D)** Dhá cheann de na doiciméid ba ghá a chomhlánú agus Cuideachta Phríobháideach Theoranta á bunú:

| | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |

***NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN 'A' COMHLÁNAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR***

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIDÉAR GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
# ROINN B
**(300 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH 2002 - MAIDIN, 9.30 r.n. - 12.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **Cúig cheist ar bith le freagairt**.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair. Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

Seo thíos Buiséad Mhuintir Ailín do na ceithre mhí thosaigh de 2003:

Ba é an tAirgead Tosaigh ar láimh ná €420.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Micheál Ó hAilín €2,000 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le haisíoc cánach de €400 i Mí Feabhra.
- Tuilleann Frances Uí Ailín €2,150 glanphá in aghaidh na míosa.
- Tá súil ag an teaghlach díbhinn €1,800 glan ar scaireanna a fháil i Mí Márta.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Ardófar an morgáiste tí €700 in aghaidh na míosa de €40 in aghaidh na míosa ó 1 Márta 2003.
- Tá an phréimh árachais tí, €360 **in aghaidh na bliana**, iníoctha **go míosúil** ó Mí Eanáir.
- Íocann Muintir Ailín árachas sláinte de €65 in aghaidh na míosa. Tiocfaidh ardú air sin go €75 in aghaidh na míosa ó thús Márta.
- Cosnóidh aisíocaíochtaí ar iasacht chairr Mhíchil (nach foláir a bheith íoctha in iomláine ag deireadh mhí Feabhra) €250 sa mhí go dtí sin.
- Is iad na costais teaghlaigh de ghnáth ná €760 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí Márta nuair a bheidh siad €400 **níos lú**.
- Beidh costais reatha gluaisteáin de €150 in aghaidh na míosa ar Mhicheál agus de €175 ar Frances.
- Ceaptar gur €220 i mí Feabhra agus €230 i Mí Aibreáin a bheidh ar bhillí BSL do theas agus do sholas agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €550 i Mí Márta.
- Tá teileafón baile agus dhá theileafón ghluaisteacha ag Muintir Ailín. Ceaptar gur €195 i Mí Feabhra agus €170 i Mí Aibreáin a bheidh sa bhille don teileafón baile. Tá an bille do na teileafóin ghluaisteacha iníoctha gach mí agus ceaptar gur €80 sa mhí a bheidh ann.
- Tá saoire a chosnaíonn €7,000 in áirithe ag an teaghlach. Ní mór dóibh éarlais de €2,000 a íoc leis na gníomhairí taistil i Mí Eanáir agus an fuílleach i Mí Márta.
- Cosnóidh siamsaíocht €300 gach mí ach amháin i Mí Márta nuair a chosnóidh sí €100 **níos lú**.

**(A)** Comhlánaigh go hiomlán an fhoirm bhán do bhuiséad teaghlaigh (ar leathanach 7 de Roinn A) ag baint úsáide as na figiúirí ar fad thuas. (50)

**(B)** Tuilleann Frances Uí Ailín €2,150 glanphá in aghaidh na míosa. Más iad a cuid asbhaintí go hiomlán €650 in aghaidh na míosa, cad é a **pá comhlán**? Scríobh an freagra sa spás atá ar fáil ag bun na Foirme Buiséid. (5)

**(C)** Cé mhéad **in aghaidh na bliana** a cheapann an teaghlach a bheidh le híoc acu as úsáid a bhaint as an dá theileafón ghluaisteacha? Scríobh do fhreagra sa spás atá ann dó. (5)

**(60 marc)**

**2.** **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha & Clár Comhardaithe.**
*(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

Is cuideachta é Harte Tta. a bhfuil Caipiteal Údaraithe de 400,000 Gnáthscaireanna aige ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo amach as a cuid leabhar ar 31 Nollaig 2001, deireadh na bliana airgeadais aici.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2001** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar airgead síos…………………………………. | | 375,000 |
| Carraeireacht Isteach………………………………………. | 2,350 | |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim le hAthdhíol………………. | 237,600 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2001…………………………….. | 57,250 | |
| Pánna………………………………………………………. | 77,400 | |
| Teas agus Solas……………………………………………. | 15,200 | |
| Teileafón…………………………………………………… | 4,950 | |
| Árachas…………………………………………………….. | 12,650 | |
| Ús ar Rótharraingt Bhainc…………………………………. | 2,700 | |
| Díbhinn Íoctha…………………………………………….. | 23,000 | |
| Rotharraingt Bhainc……………………………………….. | | 55,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh…………………………………… | 3,400 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1……………………. | | 250,000 |
| Foirgnimh………………………………………………….. | 125,000 | |
| Mótorveaineanna………………………………………….. | 118,500 | |
| | 680,000 | 680,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2001 ná €72,600.

**(A)** Ó na figiúirí thuas ullmhaigh Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2001 agus Clár Comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin. (43)

**(B)** Mínigh cad is ciall le "Carraeireacht Isteach". (9)

**(C)** Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim atá sa Bhrabús Comhlán? Taispeáin do chuid oibriúchán. (8)

**(60 marc)**

**3.** **Freagair (A), (B) agus (C). Baineann an cheist seo le feirmeoireacht, teicneolaíocht an eolais agus le litir a scríobh**
*(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

Is bean fheirmeora í Úna Uí Ruagáin atá ina cónaí ag Talamh Móinéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Rinne sí ranganna i dteicneolaíocht an eolais. Agus anois teastaíonn uaithi ríomhaire a cheannach.

Ar 14 Bealtaine 2002, scríobhann Úna litir chuig Siobhán Hills, Eagarthóir, Iris Comhairle do Thomaltóirí Tta., Sráid Uaine, Baile Átha Cliath 1. Cuireann sí in iúl do Shiobhán go mba mhaith léi ríomhaire a cheannach a bheadh oiriúnach le haghaidh úsáide bhaile agus fheirme. Teastaíonn uaithi taifid a choimeád ar an stoc feirme agus ar an ábhar beathúcháin ar fad ar an ríomhaire, maraon le cuntais airgeadais na feirme. Ba mhaith léi a bheith in ann chomh maith cuntas bainc na feirme a sheiceáil ar an idirlíon. Ar deireadh, theastódh pacáiste próiseála focal agus roinnt cluichí maithe ríomhaire uaithi don teaghlach. Iarrann sí ar Shiobhán comhairle a chur uirthi faoi ríomhaire agus faoi phrintéir a bheadh oiriúnach don obair seo go léir.

**(A)** Scríobh an litir a chuir Úna Uí Ruagáin chuig Siobhán Hills, Eagarthóir, Iris Comhairle do Thomaltóirí Tta., ar 14 Bealtaine 2002. (39)

**(B)** Luaigh **trí** chúis ar cheart d'fheirmeoir cuntais a choimeád. (9)

Cuireann Siobhán Hills freagra chuig Úna an lá dár gcionn leis an gcomhairle seo:

Ba cheart duit ríomhaire agus printéir a cheannach a mbeidh na gnéithe seo a leanas ag baint leo. Is féidir iad a fháil i siopa ríomhairí ar bith ar níos lú ná €2,000.





Ríomhaire le Próiseálaí 1 GHz.
RAM 256 MB. Tiomántán Crua 40 GB; Tiomántán DVD; Móideim;
Fuaim Dhigiteach le Callairí; VDU 17 orlach.
Tiomántán Diosca Flapach agus luch san áireamh.
Bogearraí: Windows XP Eagrán Baile agus Microsoft Office 2002 ar a n-áirítear bunachar sonraí, scarbhileog agus próiseáil focal.
Printéir: Dúchscaird nó léasar.

**(C)** Mínigh **trí** cinn de na focail a bhfuil líne fúthu. (12)
**(60 marc)**

**4.** **Freagair gach cuid. Baineann an cheist seo le Pá agus Coigealtas.**
*(Le déanamh ar leathanach 8 de Roinn A)*

Tá Máire de Faoite fostaithe mar chúntóir díolacháin i siopa mór. Is í a gnáthsheachtain oibre ná 36 huaire a chloig. Má oibríonn sí níos faide, faigheann sí pá ragoibre ag am go leith.

Seo a leanas duillín pá Mháire don 8 Márta 2002:

| | Duillín Pá: **Máire de Faoite** | | Seachtain 10 | 8 Márta 2002 |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | |
| BUNPHÁ | 252.00 | ÍMAT | 36.27 | |
| RAGOBAIR | 10.50 | ÁSPC | 17.59 | |
| | | COIGEALTAS | 25.00 | GLANPHÁ |
| PÁ COMHLÁN | 262.50 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | 78.86 | 183.64 |

Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ar fáil i leathanach 8 de Roinn A.

**(A)** Cad é bunphá Mháire de Faoite in aghaidh na huaire? (5)

**(B)** Cé mhéad uair a chloig a d'oibrigh sí i Seachtain 10? (6)

**(C)** Baineann fostóir Mháire €25.00 dá pá gach seachtain le haghaidh scéime coigiltis. Ainmnigh **trí** shaghas éagsúla institiúide ina bhféadfaí an t-airgead seo a chur chun fáltas (ús) a thuilleamh do Mháire. (12)

**(D)** Fuair Máire a pá in airgead tirim. Bhain an fostóir úsáid as an líon is ísle nótaí agus monaí a b'fhéidir agus é ag cur an airgid i gclúdach pá Mháire. Líon isteach an anailís Nótaí/Monaí ag léiriú cé mhéad nóta agus mona de gach cineál a bhí sa chlúdach. (16)

**(E)** An tseachtain ina dhiaidh sin d'oibrigh Máire 40 uair a chloig. Ba €39.55 a d'íoc sí mar ÍMAT agus €19.95 a d'íoc sí mar ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar a coigealtas. Agus an t-eolas sin agat, comhlánaigh a Duillín Pá do Sheachtain 11, dar dáta 15 Márta 2002. (21)

**(60 marc)**

**5.** **Freagair gach cuid. Is ceist í seo ar Dhoiciméid Ghnó.**
*(Le freagairt sa spás atá tugtha ar leathanaigh 9 agus 10 de Roinn A)*

Is bainisteoir ceannachán é Seán Ruiséil ag Tenor Tta. An 20 Márta 2002 fuair sé an luachan seo a leanas:

# Olldíoltóirí Ceol Tta.

**Eastát Tionsclaíoch Hamilton, Baile Átha Cliath 16**

**LUACHAN Uimh. 5322**

Teileafón: 01-1657832
Feacs: 01-1657966
Ríomh-phost: ceol@comeir.net

Uimh. Chlár CBL. IE 4886114

19 Márta 2002

An Bainisteoir Ceannachán
Tenor Tta.
Bóthar na Mara
Bré
Co. Chill Mhantáin

| UIMH. STÍLE | TUAIRISC | PRAGHAS € | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| W053 | Dlúthdhiosca Nua Westlife | 20.00 | Ullamh |
| U276 | Dlúthdhiosca is Deireanaí U2 | 18.00 | Ullamh |
| D142 | Dlúthdhiosca Bailiúchán De Danann | 15.00 | Ullamh |
| B317 | Dlúthdhiosca is mó Boyzone | 25.00 | Ullamh |

Lascaine Thrádála 25% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha; Le glacadh laistigh de 30 lá

Socraíonn Seán go bhfuil na Dlúthdhioscaí Boyzone ró-chostasach. Cuireann sé Ordú (Uimh. 877) chuig Olldíoltóirí Ceol Tta. do **500 Dlúthdhiosca Nua Westlife, 1,000 Dlúthdhiosca Is Direanaí U2 agus 600 Dlúthdhiosca Bailiúchán De Danann**. Déantar na hearraí sin a sheachadadh i veain chuig Tenor Tta. an 25 Márta 2002. Déanann Seán na hearraí a sheiceáil nuair a thagann siad agus bíonn gach ní ceart. Nuair a shíníonn sé an nóta seachadta tugann tiománaí an veain Sonrasc Uimh. 3776, dar dáta 24 Márta, dó.

**(A)** Ó na sonraí thuas comhlánaigh an sonrasc bán, Uimh. 3776, ar leathanach 9 de Roinn A. (30)

Scríobhann Seán seic amach ansin ar son Tenor Tta. mar íocaíocht iomlán ar na hearraí agus tugann sé don tiománaí é lena thabhairt ar ais go Olldíoltóirí Ceol Tta.

**(B)** Déan an íocaíocht a iontráil i gCuntas Bainc Tenor Tta. ag baint úsáide as an gCuntas Bainc bán ar leathanach 10 de Roinn A. (12)

Tagann admháil ar an íocaíocht an lá dár gcionn ó Olldíoltóirí Ceol Tta. dar dáta 25 Márta 2002, agus í sínithe ag Áine Ní Ógáin, Airgeadóir.

**(C)** Comhlánaigh an Admháil (Uimh. 314) ag baint úsáide as an gceann bán atá ar fáil ar leathanach 10 de Roinn A. (12)

**(D)** Sa spás atá ar fáil luaigh cúis **amháin** gur doiciméad tábhachtach í admháil. (6)

**(60 marc)**



THALL →

**6.** **Freagair (A), (B) agus (C). Is ceist ar Mhionairgead í seo**
*(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

Is bainisteoir oifige í Helen Cruise i gcuideachta teoranta. Baineann sí úsáid as Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar chostais bheaga oifige. Tosaíonn sí gach mí le hóinchiste de €300.

Seo mar a tharla i Mí Bealtaine 2002.

| | |
|---|---|
| Bealtaine 1 | Iarmhéid (óinchiste) ar láimh €300. |
| 2 | Cheannaigh sí páipéar scríbhneoireachta (stáiseanóireacht) ar €28 - Dearbhán Mionairgid Uimh. 501. |
| 3 | Cheannaigh sí clúdaigh ar €19 - Dearbhán Mionairgid Uimh. 502. |
| 6 | D'íoc sí €14 ar phostas - Dearbhán Mionairgid Uimh. 503. |
| 8 | D'íoc sí €29 ar ábhair ghlantacháin don oifig - Dearbhán Mionairgid Uimh. 504. |
| 9 | D'íoc sí €8 ar tháille bus le cuairt a thabhairt ar thaispeántas oifige - Dearbhán Mionairgid Uimh. 505. |
| 14 | D'íoc sí táille traenach €35 don bhainisteoir díolachán – Dearbhán Mionairgid Uimh. 506. |
| 17 | D'íoc sí €40 leis an nglantóir oifige - Dearbhán Mionairgid Uimh. 507. |
| 20 | D'íoc sí €30 ar dheisiúcháin do phrintéir - Dearbhán Mionairgid Uimh. 508. |
| 22 | D'íoc sí €15 le cúiréir chun beartán a sheachadadh (postas) - Dearbhán Mionairgid Uimh. 509. |
| 24 | Cheannaigh sí páipéar ríomhaire (stáiseanóireacht) ar €33 - Dearbhán Mionairgid Uimh. 510. |
| 28 | D'íoc sí €25 as mionairgead le carthannacht áitiúil do chrannchur - Dearbhán Mionairgid Uimh. 511. |
| 30 | D'íoc sí €16 ar phostas - Dearbhán Mionairgid Uimh. 512. |

**(A)** Abair cad is ciall Córas Óinchiste an Mhionairgid. (10)

**(B)** I do fhreagarleabhar, breac go hiomlán an Leabhar Mionairgid do Mhí Bealtaine, ag baint úsáide as na colúin anailíse seo a leanas:

**Postas, Stáiseanóireacht, Taisteal, Glantachán, Ilnithe.**

Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh an Leabhar Mionairgid go Deireadh Bealtaine. (45)

**(C)** Cé mhéad airgid a gheobhaidh Helen ón bpríomh-airgeadóir chun gur féidir léi tús a chur leis an mí ina dhiaidh sin le óinchiste de €300? (5)

**(60 marc)**



**THALL →**

**7.** **Freagair gach cuid. Ceist í seo ar Shaghasanna Gnó**
*(Le déanamh ar leathanaigh 11 agus 12 de Roinn A)*

Rinne Linda na freagraí sa scrúdú Staidéar Gnó a mheascadh ar a chéile. Bhí na freagraí cearta go léir aici ach chuir sí sna habairtí míchearta iad. Seo a leanas mar a scríobh sí:

(a) Is éard is cuideachta stáit nó cuideachta leath-stáit ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag *scairshealbhóirí* air.

(b) Is éard is trádálaí aonair ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag *Bord Stiúrthóirí* air agus atá á reachtáil acu.

(c) Is éard is comharchumann ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag aon duine amháin air agus atá faoi cheannas *an duine sin*.

(d) Is éard is cuideachta phríobháideach theoranta ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag idir 2 agus 50 duine air agus atá á bhainistiú *ag na hoibrithe nó ag na baill*.

(e) Bíonn dliteanas teoranta ag úinéirí cuideachta príobháidí teoranta agus is é a thugtar orthu *an rialtas*.

**(A)** Scríobh amach gach abairt **go hiomlán** sa spás atá ar fáil ar leathanach 11 de Roinn A, ach an freagra is oiriúnaí i ngach cás a thaispeáint ann. (20)

**(B)** Sa spás atá ar fáil ar leathanach 11 de Roinn A, scríobh sa bhosca cuí **cé** acu gnólacht atá ainmnithe thíos gur trádálaí aonair, cuideachta phríobháideach theoranta, comharchumann, nó cuideachta stáit é. (10)

| Is iad na gnólachtaí ná: | |
|---|---|
| 1 | Bord na Móna |
| 2 | Seán Ó Laighin, Búistéir |
| 3 | Comhar Creidmheasa |
| 4 | Olldíoltóirí Ceol Tta. |
| 5 | RTÉ |

**(C)** Tá siopa ceannaithe ag Seán Ó Murchú agus tá rún aige é a bhainistiú agus a reachtáil é féin.

**(i)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bhainfidh Seán as a ghnólacht féin a reachtáil. Bain úsáid as an spás atá ar fáil ar leathanach 12 de Roinn A. (12)

**(ii)** Luaigh **dhá** dheacracht nó míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag Seán agus a ghnólacht á reachtáil aige. (8)

**(D)** Ainmnigh **dhá** cheann de na doiciméid a bheadh le comhlánú nuair a bheadh Cuideachta Phríobháideach Theoranta á bunú. Bain úsáid as an spás atá ar fáil ar leathanach 12 de Roinn A. (10)

**(60 marc)**

**8.** **Freagair gach cuid. Is ceist í seo ar Chórais Iompair agus Seachadta**
*(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

**(A)** Luaigh trí fhachtóir a chuirfeadh gnólacht san áireamh nuair a bheadh córas seachadta á roghnú. (9)

**(B)** Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanann an t-amchlár de chuid Iarnród Éireann:

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath Heuston | 0525 | 0710 | 0830 | 1050 | 1320 | 1520 | 1710 | 1835 | 1915 |
| Droichead Nua | - | - | - | - | - | - | - | - | 1941 |
| Cill Dara | - | - | 0900 | - | - | - | - | - | 1950 |
| Cúl an tSúdaire | - | - | - | - | 1402 | - | - | - | 2007 |
| Port Laoise | 0616 | 0800 | 0925 | - | 1414 | - | - | - | 2019 |
| Baile Uí Bhróithe | - | - | 0941 | - | - | - | - | - | 2035 |
| An Teampall Mór | - | - | 0955 | - | 1440 | - | - | - | 2048 |
| Durlas | 0651 | 0836 | 1009 | 1211 | 1454 | 1644 | - | 1956 | 2103 |
| Gabhal Luimní | 0713 | 0858 | 1031 | 1233 | 1516 | 1706 | 1849 | - | 2125 |
| An Ráth | 0733 | - | 1053 | 1253 | 1537 | - | - | 2035 | 2146 |
| Mala (teacht) | 0748 | 0931 | 1108 | 1309 | 1552 | 1738 | 1921 | 2050 | 2202 |
| Mala (imeacht) | 0750 | 0933 | 1121 | 1311 | 1554 | 1739 | 1923 | 2100 | 2203 |
| Corcaigh | 0819 | 1001 | 1149 | 1339 | 1622 | 1807 | 1951 | 2130 | 2231 |

**(i)** Cén t-am a bhfágann an chéad traein Stáisiún Heuston?

**(ii)** Cén t-am a sroicheann traein 8.30 a.m. as Baile Átha Cliath Heuston Durlas?

**(iii)** Dá dtaistealófá ar thraein 7.50 a.m. (1950) ó Chill Dara, cén fhad a bheifeá ag dul go dtí An Ráth? (12)

**(C)** Baineann Drof Teo., cuideachta déantúsaíochta, úsáid as iompar iarnróid chun an chuid is mó dá chuid earraí a sheachadadh ar fud na tíre.

**(i)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann Drof Teo. as iompar iarnróid a úsáid. (12)

**(ii)** Luaigh **trí** mhíbhuntáiste a bhaineann Drof Teo. as iompar iarnróid a úsáid chun a chuid earraí a sheachadadh. (12)

**(D)** Le blianta beaga tharla cuid mhaith feabhsúchán sa chóras iompair. Chabhraigh úsáid coimeádán agus **bád farrtha isteach is amach** le **easportáil** agus iomportáil earraí a dhéanamh níos éasca. Tá mótarbhealaí nua á dtógáil a chuirfidh ar chumas **cúiréirí** agus úsáideoirí eile bóthair a gcuid turas a dhéanamh níos éasca. Is forbairtí nua eile iad **bóithre dola**, **tachagraif** agus **iompar cuisnithe**.

Mínigh **trí** cinn de na focail a bhfuil líne fúthu, ag tabhairt sampla nó léaráide i ngach cás. (15)

**(60 marc)**



THALL →